Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)**

**11651/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0199(NLE)**

**FISC 178
ECOFIN 1008
CH 40**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 113 agus 115 de, i dteannta le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (b), agus le hAirteagal 218(8), an dara fomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

[1] Tuairim an … (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta[2] ('an Comhaontú'), feabhsaíodh cúnamh frithpháirteach i gcúrsaí cánach idir na Páirtithe Conarthacha agus feabhsaíodh comhlíontacht cánach idirnáisiúnta.

(2) Formheasadh athruithe tábhachtacha ar Chomhchaighdeán Tuairiscithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta ar an leibhéal idirnáisiúnta an 26 Lúnasa 2022 agus rinneadh iad a ionchorprú i ndlí an Aontais trí bhíthin Threoir (AE) 2023/2226 ón gComhairle[3], lenar leasaíodh Treoir 2011/16/AE ón gComhairle[4].

(3) Dá bhrí sin, ní mór an Comhaontú a leasú chun a áirithiú go ndéanfar an t-uathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais idir na Ballstáit agus Cónaidhm na hEilvéise ('an Eilvéis') a ailíniú leis an leagan den Chomhchaighdeán Tuairiscithe a tugadh cothrom le dáta ón 1 Eanáir 2026 agus go leanfar den uathmhalartú sin dá réir. Ní mór an Comhaontú a leasú freisin chun forálacha nua cúnaimh fhrithpháirtigh a sholáthar do na Ballstáit chun éilimh chánach breisluacha a aisghabháil.

---

2 IO L 385, 29.12.2004, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2004/911/oj.

3 Treoir (AE) 2023/226 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (IO L, 2023/2226, 24.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2226/oj).

4 Treoir 2011/16/AE ón gComhairle an 15 Feabhra 2011 maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais agus lena n-aisghairtear Treoir 77/799/CEE (IO L 64, 11.3.2011, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2011/16/oj).

(4) Is léiriú cuí é téacs an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta ('an Prótacal Leasaitheach'), atá mar thoradh ar an gcaibidlíocht, ar na treoracha caibidlíochta a d'eisigh an Chomhairle.

(5) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/… ón gComhairle[5+], síníodh an Prótacal Leasaitheach an … [*dáta a shínithe*], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(6) Ba cheart an Prótacal Leasaitheach a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6].

---

[5] Cinneadh (AE) 2025/… an … ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail Leasaithigh a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta (IO L …, ELI: …).

[+] IO: cuir isteach, le do thoil, uimhir thagartha an Chinnidh a leagtar amach in ST 11648/25 agus comhlánaigh an fonóta comhfhreagrach.

[6] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

(8) Luadh i gCinneadh 2000/518/CE ón gCoimisiún[7], maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad a thagann faoi raon feidhme Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], go meastar go gcuireann an Eilvéis leibhéal leordhóthanach cosanta ar fáil do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas. Dearbhaítear sa tuarascáil ón gCoimisiún an 15 Eanáir 2024 chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an gcéad athbhreithniú ar fheidhmiú na gcinntí leordhóthanachta arna nglacadh de bhun Airteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE go leanann an Eilvéis de leibhéal leordhóthanach cosanta a sholáthar do shonraí pearsanta a aistrítear ón Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

7 Cinneadh Uimh. 2000/518/CE ón gCoimisiún an 26 Iúil 2000 maidir le gné leordhóthanachta na cosanta sonraí pearsanta san Eilvéis a shuí de bhun Threoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 215, 25.8.2000, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/518/oj).

8 Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 281, 28.11.1995, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1995/46/oj).

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Prótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le huathmhalartú faisnéise i dtaca le cuntais airgeadais chun feabhas a chur ar an gcomhlíontacht cánach idirnáisiúnta a fhormheas thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[9].

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[9] Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail Leasaithigh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*